

**An Ghníomhaireacht Eorpach um bainistiú oibríochtúil na gcóras TF mórsála i réimse  
na sairse, na slándála agus an cheartais**

**Clár Oibre 2012**

<b>1. ACHOIMRE FHEIDHMEACH.....</b>	<b>3</b>
<b>2. RÉAMHRÁ .....</b>	<b>4</b>
<b>3. BUISÉAD 2012 .....</b>	<b>7</b>
<b>4. TOSAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN .....</b>	<b>8</b>
4.1 Bainistiú oibríochtúil agus tascanna gaolmhara le haghaidh SIS II, VIS agus EURODAC.....	8
4.2 Infreastruchtúr Cumarsáide .....	11
4.3 Glacadh na mbeart slándála agus cosanta sonraí.....	12
4.5 Monatóireacht, tuairisciú agus staitisticí agus Cumarsáid.....	14
4.6 Eagrú na hoiliúna ar an gcóras TF.....	16
4.7 Comhar le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus tionscadail eile i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.....	16
4.8 Grúpaí Comhairleacha.....	17
4.9 Rúnaíocht an Bhoird Bhainistíochta.....	18
4.10 Tascanna Oibríochtúla eile.....	18
<b>5. AG FORBAIRT NA FOIRNE .....</b>	<b>19</b>
5.1. Straitéis earcaíochta na Gníomhaireachta i 2012.....	19
5.2. Plean an bheartais foirne ilbhliantúil le haghaidh 2013-2015 .....	20
5.3. Oiliúint Fhoireann na Gníomhaireachta .....	20
<b>6. ÁBHAIR RIARACHÁIN, INFREASTRUCHTÚR, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS AGUS LÓISTÍOCHT .....</b>	<b>22</b>
6.1 Comhaontú Ceannteathrún leis an Eastóin agus comhaontuithe láithreach leis an bhFrainc agus an Ostair .....	22
6.2 Foirgneamh Ceannteathrún i dTailinn, an Eastóin.....	23
6.3 Athchomhshó an C.SIS in Strasbourg chuig láthair theicniúil na Gníomhaireachta .....	23
6.4 Ullmhú na láithreach cúltaca in St Johann im Pongau .....	24
6.5. Bainistíocht Airgeadais .....	24
6.6 Socruithe eile.....	25

# 1. Achoimre Fheidhmeach

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um bainistiú oibríochtúil na gcóras TF mórskála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 (IO L 286, 01.11.2011, lch. 1) a tháinig i bhfeidhm ar 21 Samhain 2011.

Sa chlár oibre seo léirítear na príomhthosaíochtaí don Ghníomhaireacht seo do 2012. Toisc gur glacadh an Rialachán thuasluaite i mí Dheireadh Fómhair 2011, ní fhéadfaí na spriocanna bliantúla maidir leis an gClár Oibre Bliantúil a ullmhú agus a chur in iúl sa bhliain roimhe sin a bhaint amach don Chlár Oibre le haghaidh 2012. Dá réir sin, ullmhaíodh an doiciméad seo a ullmhú ag an gcéad deis a fuarthas tar éis bhunú na Gníomhaireachta. Pléadh é ag an gcéad chruinniú den Bhorid Bainistíochta an 22-23 Márta 2012 agus rinneadh é a athbhreithniú chun tráchtanna a rinne comhaltaí an Bhoird sin a chur san áireamh faoin 30 Aibreán 2012. Tacaíodh leis ag cruinniú an Bhoird Bhainistíochta an 28 Meitheamh 2012, ag cur san áireamh na tuairimí arna soláthar ag an trí ghrúpa Chomhairleacha ina gcuid cruinnithe a bhí sceidealta do thús mhí an Mheithimh 2012 agus tá sé beartaithe é a fhaomhadh faoi dheireadh Mheán Fómhair 2012, le tuairim an Choimisiúin arna cur in iúl i Meán Fómhair 2012 á cur san áireamh.

Ag tráth Chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta thuasluaite, ní raibh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tar éis tosú i mbun dualgas go fóill. Dá bhrí sin, tá an AS Gnóthaí Baile tar éis Clár Oibre 2012 a ullmhú ina cáil mar mháthair-AS na Gníomhaireachta.

Léiríonn na tosaíochtaí atá leagtha síos sa chlár oibre seo na dualgais arna sannadh don Ghníomhaireacht seo de réir mar atá leagtha síos i gCaibidil II den Rialachán bunaitheach agus tugtar faoi deara iontu na hionchais atá leagtha síos i gClár Stóicólm agus sa Phlean Gníomhaíochta. Is eagraíocht nua í an Ghníomhaireacht seo, ach níl a tascanna go léir nua. De réir an Rialacháin bhunaithe, ionchorprófar roinnt gníomhaíochtaí leanúnacha i ndáil le bainistiú oibríochtúil na dtionscadal VIS agus EURODAC i gceart na Gníomhaireachta.

Toisc gur í seo céad bhliain na n-oibríochtaí, beidh gníomhaíochtaí le linn formhór na tréimhse seo dírithe ar phríomhstruchtúir na Gníomhaireachta a bhunú (láithreacha, foirgnimh agus trealamh, i gcomhréir le caighdeáin theicniúla agus slándála agus an dlí is infheidhme), an struchtúr rialachais a chur ar bun, cúrsaí eagrúcháin, mar aon le foirne agus ullmhú chun freagracht a ghlacadh as bainistiú oibríochtúil na gcóras, go háirithe, ullmhúcháin theicniúla agus lóistíochta agus scáthú agus oiliúint na gcomhaltaí foirne. Ar dheireadh, cé nach náir sin dó, ó Nollaig 2012 ar aghaidh, beidh an Ghníomhaireacht freagrach as an chéad dhá chóras a thabharfar di, eadhon VIS agus EURODAC, a bhainistiú. I measc na dtascanna sainiúla sa réimse sin beidh feidhmiú agus cothabháil na gcóras, bearta chun seirbhís leanúnach, gan bhriseadh a ráthú, an fhorbairt theicniúil atá riachtanach le go bhfeidhmeodh siad go rianúil agus tascanna éagsúla a baineann le slándáil an líonra Cumarsáide. Ag an am céanna, ullmhóidh an Ghníomhaireacht chun oibríochtaí SIS II a ghlacadh de láimh (rud a tharlóidh nuair a rachaidh an córas seo beo sa chéad ráithe de 2013).

Tuairtear na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa doiciméad seo i 2012. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cinneadh a dhéanamh roinnt gníomhaíochtaí a aistriú go dtí 2013, má bhíonn cúinsí gan choinne i gceist. Sa chás sin, molfaidh sé/sí leasuithe iomchuí ar an gClár Oibre seo i gcaitheamh 2012.

## 2. Réamhrá

Rannchuideoidh an Gníomhaireacht Eorpach um bainistiú oibríochtúil na gcóras TF mórsála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais le teorainneacha seachtracha slána a choinneáil, mar aon le comhar éifeachtach na bpóilíní agus le forfheidhmiú an bheartais Eorpaigh um víosa agus tearmann, trí bhainistiú oibríochtúil agus leanúnachas oibríochtaí roinnt córas faisnéise mórsála a áirithiú i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.

Beidh sé mar mhisean lárnach ag an nGníomhaireacht na tascanna um bainistiú oibríochtúil a chomhlíonadh don Dara Glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II), don Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus EURODAC. Ar leibhéal oibríochtúil, is é an príomhthasc a bheidh aige ná a chinntiú go bhfeidhmíonn na córais sin 24 uair sa lá, seacht lá sa tseachtain. Comhlíonfaidh an Gníomhaireacht roinnt tascanna breise a bhaineann leis na córais TF faoina cúram freisin, go háirithe, sna réimsí i ndáil le slándáil, cosaint sonraí, monatóireacht, tuairisciú agus foilsiú staitisticí, oiliúint agus faisnéis agus cumarsáid.

Cuimseofar Bord Bainistíochta, Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Grúpaí Comhairleacha i struchtúr bainistíochta agus riaracháin na Gníomhaireachta.

Beidh an Coimisiún freagrach as bunú agus as feidhmiú tosaigh na Gníomhaireachta go dtí go mbeidh an acmhainn oibríochtúil ag an nGníomhaireacht a buiséad féin a chur i bhfeidhm. Chuige sin, d'fhéadfadh an Coimisiún líon teoranta oifigeach a shannadh, lena n-áirítear oifigeach amháin chun feidhmeanna an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a chomhlíonadh, ar bhonn eatramhach. Ceapadh an tUas. Ioan-Drágos Tudorache mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach amhail an 16 Aibreán 2012.

Beidh an Gníomhaireacht i gcéim tosaíthe i 2012. Díreoidh an AS Gnóthaí Baile, ina cáil mar mháthair-AS, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Eatramhach agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ón am a cheapfar é/í, ar phríomhstruchtúir na Gníomhaireachta (láithreacha, foirgnimh agus trealamh) a chur ar bun agus tosóidh siad ar chomhaltaí foirne a earcú agus a oiliúint agus ar an eagraíocht, na foirne agus na comhpháirteanna riachtanacha den struchtúr rialachais, eadhon an Bord Bainistíochta agus na grúpaí Comhairleacha, a chur ar bun.

I measc na ngníomhaíochtaí tábhachtacha eile i 2012 beidh na hullmhúcháin chun bainistiú oibríochtúil na gcóras a ghlacadh de lámh agus forfheidhmiú na bpríomhthascanna chun an chéad bhabhta córas a thabharfar don Gníomhaireacht a bhainistiú, lena n-áirítear a cuid tascanna i ndáil le slándáil agus an líonra cumarsáide. De réir an Rialacháin bhunaithe, tabharfaidh an Gníomhaireacht faoina cuid freagrachtaí i ndáil lena príomhthascanna ó 1 Nollaig 2012. Mar sin féin, ní ghlacfar tascanna maidir le SIS II go dtí go raghaidh an córas beo sa chéad ráithe de 2013. Tá tascanna breise eile amhail monatóireacht ar thaighde dlite le tosú i 2013.

Beidh 3 láthair ag an nGníomhaireacht:

- An cheannoifig a bheidh lonnaithe i dTailinn, an Eastóin
- An láthair theicniúil i Strasbourg (Láraonad – CU), an Fhrainc, áit ina mbainfear amach na tascanna i ndáil le forbairt agus bainistiú oibríochtúil na gcóras reatha agus córais na todhchaí.
- Láthair chúltaca (BCU) i Sankt Johann im Pongau, an Ostair, a bheidh ar a cumas feidhmiú córais TF mórsála a chinntiú sa chás go dteipfeadh córas dá leithéid ar an bpríomhláthair theicniúil.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht idirghníomhaíocht ar chomhaontuithe, agus síneofar iad, leis na Ballstáit áochta i gcaitheamh na bliana, maidir le ceanncheathrú na Gníomhaireachta agus na láithreacha teicniúla agus cúltaca.

Déanfar idirbheartaíocht ar chomhaontuithe freisin le tíortha a bhaineann leis an *acquis* Schengen agus leis na bearta a bhaineann le Eurodac (an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Eilvéis), d'fhonn rialacha mionsonraithe a gcuid rannpháirtíochta in obair na Gníomhaireachta a shainiú. I bhFeabhra 2012, ghlac an Coimisiún Eorpach moladh le haghaidh cinnidh ón gComhairle lena dtabharfar údarú d'oscailt idirbheartaíochtaí agus, ar bhonn treoracha idirbheartaíochta na Comhairle, déanfar idirbheartaíocht ar chomhaontuithe ar son an AE, de réir an nós imeachta atá leagtha síos sa CFAE maidir le glacadh na gcomhaontuithe idirnáisiúnta. Táthar ag súil go dtabharfar idirbheartaíochtaí chun críche faoi dheireadh 2012.

Tógann an clár oibre seo aird ar an bhfíric go rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun a phoist/poist i bhFómhar 2012, go rachaidh an Ghníomhaireacht i mbun a dualgas maidir le bainistiú oibríochtúil na gcóras an 1 Nollaig 2012, go dtosódh na comhaltaí foirne tosaigh ag glacadh dualgais de réir a chéile i gcaitheamh 2012 agus go mbeidh an Cheanncheathrú i dTaillinn ag feidhmiú as áitreabh sealadach. Táthar tar éis na gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2012 a shainmhíniú i dtéarmaí ginearálta, d'fhonn solúbthacht a chumasú i gcur chun feidhme an chláir oibre seo.

De réir Airteagal 11 den Rialachán bunaitheach, beidh **Bord Bainistíochta** ina phríomh-chomhpháirt de struchtúr riaracháin na Gníomhaireachta. Is é a bheidh mar phríomhthasc ag an mBord seo ná a chinntiú go gcomhlíonann an Ghníomhaireacht a misean agus go dtabharfar faoi na tascanna arna sannadh di de réir an Rialacháin agus na n-ionstraimí dlí a rialaíonn gach ceann de na córais agus maoirseacht a dhéanamh ar obair an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.

Beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún ar an mBord Bainistíochta. Glacfaidh EUROJUST agus EUROPOL páirt sa Bhord seo mar bhreathnóirí. Glacfaidh ionadaithe na dtíortha comhlachaithe<sup>1</sup> páirt sa bhord seo mar bhreathnóirí freisin, go dtí go gcuirfear socruithe cinntitheacha i gcrích de réir Airteagal 37 den Rialachán bunaitheach.

I measc na bpríomhchinní agus doiciméad a d'fhaomh an Bord Bainistíochta i 2012 áirítear:

- rialacha nós imeachta
- dréacht-struchtúr eagraíochtúil
- Plean an Bheartais Foirne Ibhliantúil 2013-2015
- bearta cur chun feidhme i ndáil leis na Rialacháin Foirne
- bearta forfheidhmithe maidir le saineolaithe náisiúnta ar iasacht
- dréachtfhógraí folúntais maidir le roinnt príomhphost, agus ceapadh príomhchomhaltaí foirne (Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Oifigeach Cuntasaíochta, Oifigeach Slándála agus Oifigeach Cosanta Sonraí)
- an Dréachtrialachán Airgeadais
- buiséad na bliana 2012 agus dréachtbhuiséad (meastacháin) do 2013
- an Tuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil do 2011
- na Dréachtchláir Oibre Bliantúla do 2012 agus 2013

---

<sup>1</sup> Tíortha atá comhlachaithe le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt an *acquis* Schengen agus bearta a bhaineann le Eurodac

- an clár oibre ilbhliantúil
- bearta slándála
- an Comhaontú Ceannteathrún agus Comhaontuithe i ndáil leis na láithreacha teicniúla agus cúltaca
- socruithe praiticiúla i ndáil le forfheidhmiú an Rialacháin maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin
- Meabhrán Tuisceana idir an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht
- cinneadh maidir le téarmaí agus coinníollacha na n-imscrúduithe inmheánacha a bhaineann le cosc ar chalaos, ar éilliú nó ar aon ghníomhaíocht neamhdhleathach a dhéanfadh dochar do leas na gComhphobal
- Beidh ar an mBord Bainistíochta tacú le cinntí maidir le baint EURODAC freisin.

Beidh an Bord Bainistíochta freagrach freisin as staitisticí a fhoilsiú ar na córais TF atá faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta, as liostaí comhlachtaí náisiúnta a fhoilsiú atá údaraithe chun rochtain a fháil ar na córais TF sin nó úsáid a bhaint astu, as tuarascálacha a ghlacadh ar fheidhmiú teicniúil na gcóras TF sin, as comhairle a chur ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir le bainistiú oibríochtúil na gcóras agus as a chinntiú go nglactar gníomh leantach imleor i leith thorthaí iniúchtaí agus meastóireachtaí, lena n-áirítear iniúchtaí MECS.

Bhí an chéad chruinniú den Bhord Bainistíochta ar siúl an 22-23 Márta 2012 agus bhí an dara cruinniú ar siúl an 28 Meitheamh 2012. Tugtar an féilire i ndáil le cruinnithe eile agus tuilleadh faisnéise faoi chúrsaí riaracháin a bhaineann leis an mbord sin i bpointe 4.9.

Beidh na Grúpaí Comhairleacha comhdhéanta d'ionadaithe na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe, an Choimisiúin, Europol agus Eurojust (le haghaidh SIS II) agus Europol (le haghaidh Grúpa Comhairleach VIS). Cuirfidh siad saineolas ar fáil don Bhord Bainistíochta maidir le córais TF mórsála agus, go háirithe, i gcomhthéacs ullmhú an chláir oibre bhliantúil agus na tuarascála gníomhaíochta bliantúil. Tabharfaidh foireann na Gníomhaireachta tacaíocht iomlán d'obair na nGrúpaí Comhairleacha freisin.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht tús le pleanáil agus díospóireacháí inmheánacha, d'fhonn struchtúir agus próisis a chur ar bun i 2013 lena chinntiú go gcuirfear spriocanna teicniúla agus gnó ar comhréim.

### 3. Buiséad 2012

D'ullmhaigh an Coimisiún, ina ról airíoch, an réamhdhréacht den bhuiséad don Ghníomhaireacht le haghaidh 2012 agus tá sé le faomhadh ag an mBord Bainistíochta i 2012. D'fhaomh an tÚdarás Buiséadach an fóirdheontas AE a sholáthrófar don Ghníomhaireacht i 2012 ag deireadh 2011 mar chuid de Bhuiséad Ginearálta an AE do 2012.

CAITEACHAS 2012	Leithreasáí tiomantais (EUR)	Leithreasáí íocaíochta (EUR)
<b>Teideal 1 Caiteachas Foirne</b>	<b>4,563,000</b>	<b>4,563,000</b>
<b>11 Tuarastail &amp; liúntais</b>	4,063,000	4,063,000
- <i>arbh poist den phlean bunaíochta iad</i>	<i>4,063,000</i>	<i>4,063,000</i>
- <i>arbh pearsanra seachtracha iad</i>	<i>0</i>	<i>0</i>
<b>12 Caiteachas i ndáil le hearcú Foirne</b>	0	0
<b>13 Costais misin</b>	200,000	200,000
<b>14 Bonneagar soch-mhíochaine</b>	0	0
<b>15 Oilíúint</b>	300,000	300,000
<b>16 Seirbhísí Seachtracha</b>	0	0
<b>17 Fáiltithe agus imeachtaí</b>	0	0
<b>Teideal 2 Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin</b>	<b>9,297,000</b>	<b>9,297,000</b>
<b>20 Foirgnimh ar cíós agus costais ghaolmhara</b>	3,580,000	3,580,000
<b>21 Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide</b>	0	0
<b>22 Maoin shochorraithe agus costais ghaolmhara</b>	0	0
<b>23 Caiteachas riaracháin reatha</b>	0	0
<b>24 Postas / Teileachumarsáid</b>	0	0
<b>25 Costais chruinnithe</b>	500,000	500,000
<b>26 Costais reatha i ndáil le gníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	4,780,000	4,780,000
<b>27 Faisnéis agus foilsitheoireacht</b>	337,000	337,000
<b>28 Staidéir</b>	100,000	100,000
<b>Teideal 3 Caiteachas oibriúcháin</b>	<b>5,940,000</b>	<b>5,940,000</b>
<b>Costas oibriúcháin (le bheith sonraithe de réir caibidle)</b>	5,940,000	5,940,000
<b>CAITEACHAS IOMLÁN</b>	<b>19,800,000</b>	<b>19,800,000</b>

## 4. Tosaíochtaí Oibriúcháin

I gcaitheamh 2012, déanfaidh an Ghníomhaireacht na hullmhúcháin riachtanacha uile chun bainistiú oibríochtúil VIS agus EURODAC a ghlacadh chuici féin faoi 1 Nollaig, agus ansin beidh sí iomlán freagrach as a bhfeidhmiú agus a gcothabháil, agus as seirbhís leanúnach gan bhriseadh a ráthú agus as an bhforbairt theicniúil ar gá a dhéanamh le go bhfeidhmeodh siad go rianúil.

Glacfaidh an Ghníomhaireacht freagracht as an VIS, atá á fheidhmiú ag an bhFrainc faoi láthair ar bhonn conartha seirbhíse leis an gCoimisiún, go foirmiúil ar 1 Nollaig 2012. Ag an am céanna, beidh an Ghníomhaireacht ag ullmhú chun EURODAC a bhogadh ó Lucsamburg go Strasbourg agus go Sank Johann im Pongau i 2013. Beidh sí ag ullmhú freisin chun oibríochtaí SIS II a ghlacadh de láimh agus táthar ag súil go mbeidh na hullmhúcháin sin faoi lán seoil faoi dheireadh na bliana.

Mar a bhfuil cur síos níos mionsonraithe air thíos, beidh an Ghníomhaireacht freagrach freisin as tascanna riaracháin a bhaineann le bainistíocht na gcóras sin, as bearta slándála agus cosanta sonraí a ghlacadh agus as tascanna éagsúla a bhaineann leis an infreastruchtúr cumarsáide. Glacfaidh sí freagracht as gníomhaíochtaí a bhaineann le monatóireacht, tuairisciú agus staitisticí agus cumarsáid ó dheireadh 2012 ar aghaidh.

### 4.1 Bainistiú oibríochtúil agus tascanna gaolmhara le haghaidh SIS II, VIS agus EURODAC

#### SIS II

Tá sé beartaithe SIS II a chur i bhfeidhm i Márta 2013 agus tá an Ghníomhaireacht chun bainistiú oibríochtúil SIS II Lárnach a ghlacadh de láimh trath an ama sin. Ón dáta sin ar aghaidh, glacfaidh an Ghníomhaireacht na tascanna arna mbronnadh ar an Údarás Bainistíochta ag Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB. Lena chinntiú go mbeidh an Ghníomhaireacht réidh in am de réir an sceidil chun na tascanna sin a chur i bhfeidhm, tabharfaidh sí faoi roinnt gníomhaíochtaí oiliúna agus scáthaithe éagsúla le linn 2012.

Ar an gcéad dul síos, tabharfaidh an Príomhchonraitheoir Forbartha SIS II don CSIS<sup>2</sup> i ráithe deiridh 2012. Le hullmhú dó sin, cuirfear Plean Aistrithe SIS II i bhfeidhm. Sa phlean sin, leagtar amach na gníomhaíochtaí oiliúna agus scáthaithe is gá chun eolas a aistriú ón bpríomhchonraitheoir forbartha (HPS) go dtí foireann an oibreora reatha, CSIS. Toisc go bhfuil an plean aistrithe seo á chur i bhfeidhm i leanúnachas Phlean Aistrithe VIS, ní mór réamhsheisiún oiliúna dian ar na réamhriachtanais chun páirt a ghlacadh i bplean Aistrithe SIS II a eagrú do na comhaltaí foirne nua a thagann isteach sa Ghníomhaireacht. Tabharfaidh an conraitheoir forbartha an córas do CSIS le linn ráithe deiridh 2012.

San áireamh san ullmhú oibríochtúil sin a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht ar SIS II cuimseofar obair chun gníomh leantach a ghlacadh i leith chéimeanna deiridh na dtrialacha cuimsitheacha agus na geleachtaí ascnaimh ina ndéanfar scáthú leis na comhaltaí foirne CSIS atá freagrach as na nithe insoláthartha sin a chur i bhfeidhm.

---

<sup>2</sup> Beidh láthair theicniúil lárnach údaráis na Fraince freagrach as bainistiú oibríochtúil san idirthréimhse ar fheitheamh tabhairt don Ghníomhaireacht.



Tá sé beartaithe glao chun tairisceana a sheoladh faoi dheireadh 2012 chun coinneáil in ord oibre SIS II a chumhdach tar éis Ghlacadh Deiridh an Chórais. Cuirfidh an Coimisiún an nós imeachta tairisceana i gcrích ar son na Gníomhaireachta. Ullmhóidh an Ghníomhaireacht chun gnéithe oibriúcháin den chonradh seo a ghlacadh (maoirseacht ar ullmhúcháin chun an córas a chothabháil agus an obair chothabhála féin) ó Mhárta 2013 ar aghaidh, mar aon le cúrsaí airgeadais ón am a thabharfar neamhspleáchas airgeadais di. Tá faisnéis bhreise ar bhainistíocht airgeadais, lena n-áirítear faisnéis faoin mBord Bainistíochta agus faoi rannpháirtíocht na meastóirí seachtracha le fáil i bpointe 6.5 thíos.

GNÍOMH	TRÉIMHSE AMA TÁSCACH
Scáthú agus cóitseáil (Bainfidh Foireann na Gníomhaireachta tairbhe as oiliúint ar an láthair arna soláthar ag an gconraitheoir agus ag foireann CSIS ina dhiaidh sin nuair a ghlacfaidh siad freagracht as feidhmiú an chórais i ndeireadh 2012)	DEIREADH FÓMHAIR – NOLLAIG 2012
Rannpháirtíocht sna trialacha cuimsitheacha (scáthú maidir le gníomhaíochtaí san fhíorshaol le BS, faoi réir comhaontaithe leis an BS)	MEITHEAMH – MEÁN FÓMHAIR 2012
Rannpháirtíocht in ullmhúcháin ascnaimh (cleachtadh ascnaimh)	DEIREADH FÓMHAIR – NOLLAIG 2012

## VIS

Amhail an 1 Nollaig 2012, tá sé beartaithe go nglacfaidh an Ghníomhaireacht freagracht as na tascanna arna mbronnadh ar an Údarás Bainistíochta ag Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Cinneadh Uimh. 767/2008. Glacfaidh sí freagracht as bainistiú oibríochtúil an VIS Lárnach agus comhéadain náisiúnta. Cuimseofar i measc na dtascanna sin feidhmiú agus cothabháil VIS, ag áirithiú go gcuirtear seirbhís leanúnach, gan bhriseadh ar fáil, ag tuairisciú agus ag déanamh na forbartha teicniúla is gá le go bhfeidhmeodh an córas go rianúil.

Is í a bheidh mar phríomhthosaíocht na Gníomhaireachta i 2012 ná cur i gcrích tráthúil na n-ullmhúcháin teicniúil, dlí agus riaracháin go léir maidir leis na tascanna sin a ghlacadh. Tosaíocht shainiúil a bheidh ann ná a chinntiú go leanann foireann na Gníomhaireachta an scáthú agus an chóitseáil riachtanach go léir lena chinntiú go bhfuil taithí theagmhálach acu ar na tascanna thuasluaite go léir.

Cuireadh feidhmiú céimneach VIS sa 2ú réigiún (an Meán-Oirthear) i gcrích go rathúil an 10 Bealtaine 2012 agus tá feidhmiú céimneach sa 3ú réigiún (an Mhurascaill) le bheith curtha i gcrích faoi 2 Deireadh Fómhair 2012 ar a dhéanaí. Déanfar feidhmiú céimneach sna réigiúin deiridh i 2013, agus b'fhéidir go leanfadh sé go dtí 2014. Beidh an Coimisiún freagrach as gnéithe polaitiúla an fheidhmithe chéimnigh sin. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as a chinntiú go dtacaíonn ardán teicniúil VIS leis an bhfeidhmiú céimneach ar fud an domhain. Beidh ról tábhachtach ag an nGrúpa Comhairleach VIS sa réimse seo (féach freisin 4.8).

Ar an tríú tosaíocht shainiúil beidh na hullmhúcháin a chur i gcrích chun freagracht a ghlacadh as cúrsaí oibriúcháin a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar obair na gconraitheoirí faoin gconradh chun VIS a choinneáil in ord oibre faoi Nollaig 2012. Fanfaidh tascanna maidir le huasghrádú VIS faoin gconradh seo faoi fhreagracht an Choimisiúin go dtí

2013. Beidh ar an nGníomhaireacht ullmhú chun freagrachtaí a aistriú maidir leis an tasc a bhaineann le huasghrádú VIS. Fanfaidh an Coimisiún freagrach as cúrsaí airgeadais agus conartha go dtí go dtabharfar neamhspleáchas airgeadais don Gníomhaireacht.

Gníomh	Tréimhse ama tascach
Socruithe oibre a shannadh idir an Coimisiún agus an Gníomhaireacht chun an MWO a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh uirthi. Cuirfidh an Coimisiún an Conradh seo i gcrích ar son na Gníomhaireachta.	Roimh 1 Nollaig 2012
Ullmhúcháin theicniúla chun freagracht as feidhmiú agus cothabháil VIS a thabhairt don Gníomhaireacht ( <i>glacfar freagracht as tascanna um oiriúnú/fheabhsú an chórais i 2013</i> )	R3 2012
Maoirseacht a dhéanamh ar ghlacadh tascanna cothabhála agus cúrsaí oibriúcháin faoin gconradh um choinneáil in ord oibre (MWO).	1 Nollaig 2012

## EURODAC

Amhail an 1 Nollaig 2012, tá sé beartaithe go nglacfaidh an Gníomhaireacht freagracht as na tascanna arna mbronnadh ar an gCoimisiún mar an údarás atá freagrach as bainistiú oibríochtúil EURODAC de réir Rialacháin (CE) Uimh. 2725/2000 agus (CE) Uimh. 407/2002. Go háirithe, glacfaidh sí freagracht as feidhmiú bhunachar sonraí lárnach EURODAC ar son na mBallstát. Áirítear anseo freisin na tascanna i ndáil le DubliNET.

Beidh gníomhaíochtaí i 2012 dírithe ar na hullmhúcháin is gá chun aistriú oibríochtaí EURODAC chuig an nGníomhaireacht a chinntiú faoi 1 Nollaig 2012. Ón dáta sin ar aghaidh beidh an Gníomhaireacht freagrach as na príomhthascanna a bhaineann leis an gcóras a fheidhmiú agus as leanúnachas oibríochtaí a dheimhniú i gcomhréir le forálacha an Rialacháin lenar bunaíodh EURODAC agus na rialacha forfheidhmithe. Cuimsítear leis na tascanna sin, faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit a thairféadadh i mBunachar Sonraí Lárnach EURODAC (go háirithe méarloirg iarrthóirí tearmainn agus eachtrannach arna ngabháil maidir le trasnú neamhrialta teorann seachtraí), feidhmiú an chórais ar son na mBallstát, sonraí a chur i gcomparáid agus amais a aistriú go Ballstáit tar éis na seiceálacha riachtanacha a dhéanamh, sonraí a cheartú, a scríosadh nó a bhlocáil sa Bhunachar Sonraí Lárnach sna cúinsí sainiúla arna dtuar i Rialachán EURODAC agus coinneáil taifead.

Toisc go bhfuil córas EURODAC bunaithe i Lucsamburg faoi láthair, an chéad príomhthosaíocht atá ann ná plean mionsonraithe a ullmhú, ina ndéanfar cur síos ar na príomhthascanna agus na céimeanna atá riachtanach chun an córas sin a aistriú ó Lucsamburg go Strasbourg agus Sankt Johann im Pongau (a tharlóidh i 2013) agus chun oibríochtaí a aistriú chuig an nGníomhaireacht (a tharlóidh i Nollaig 2012), lena n-áireofar aon nósanna imeachta soláthair riachtanacha a chuirfear i bhfeidhm i 2013. Ceann de na príomhthosaíochtaí le haghaidh 2012 ná a chinntiú go nglacfaidh comhaltaí foirne uile na Gníomhaireachta a oibreoidh ar EURODAC páirt i ngníomhaíochtaí scáthaithe agus cóitseála, d'fhonn taithí oibríochtúil theagmhálach a thabhairt dóibh ar na príomhfheidhmeanna agus nósanna imeachta go léir atá riachtanach chun an córas a fheidhmiú, a bhainistiú agus a chothabháil.

*Luaitear tascanna eile a bhaineann le EURODAC, maidir le slándáil, an líonra cumarsáide, monatóireacht, tuairisciú agus staitisticí sna codanna ábhartha anseo thíos.*

Gníomh	Tréimhse ama tásach
Leasú a dhéanamh ar na creatchonarthaí lena gcumhdaítear pearsanra agus seirbhísí riaracháin agus rudaí amhail trealamh TF (lena chinntiú go bhfuil siad sin bailí don Choimisiún ar son na Gníomhaireachta).	Deireadh Fómhair 2012
Plean mionsonraithe agus nósanna imeachta oibriúcháin a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun oibríochtaí a aistriú chuig an nGníomhaireacht.	Deireadh Samhain 2012
Plean mionsonraithe agus nósanna imeachta maidir le EURODAC a bhaint i 2013 a ullmhú agus <u>tosú</u> ar iad a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cúrsaí oibriúcháin a bhaineann le haon nósanna imeachta soláthair sainiúla a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun trealamh a athlonnú nó a cheannach i Strasbourg. Cuirfidh an Coimisiún nósanna imeachta soláthair i bhfeidhm ar son na Gníomhaireachta go dtí go dtabharfar neamhspleáchas airgeadais don Ghníomhaireacht.	Fómhar 2012
Aistriú oibríochtaí EURODAC chuig an nGníomhaireacht	1 Nollaig 2012
Scáthú agus cóitseáil	Deireadh Fómhair-Samhain 2012

## 4.2 Infreastruchtúr Cumarsáide

Beidh freagracht as an infreastruchtúr cumarsáide le haghaidh SIS II, VIS agus EURODAC roinnte idir an Ghníomhaireacht agus an Coimisiún. Beidh sé sin i bhfeidhm ón 1 Nollaig 2012 maidir le VIS agus EURODAC agus ón am a ghlacfaidh an Ghníomhaireacht freagracht as SIS II. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as maoirseacht, slándáil agus comhordú caidreamh idir na Ballstáit agus an soláthraí líonra le haghaidh an infreastruchtúir cumarsáide i gcomhair gach ceann den trí chóras. Ba cheart go mbeadh an Ghníomhaireacht freagrach freisin as na bearta slándála maidir le faisnéis fhorlíontach a mhalartú trí infreastruchtúr cumarsáide SIS II.

Beidh ullmhú chun freagracht a ghlacadh as na tascanna sin ina phríomhthosaíocht i 2012. I measc eile, cuimseofar leis sin Meabhrán Tuisceana a chur i grích chun comhchuibheas a chinntiú idir fhreagrachtaí na Gníomhaireachta agus an Choimisiúin agus chun socrúithe oibre oibriúcháin a shannadh<sup>3</sup>. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach freisin as na nósanna imeachta teicniúla a chur ar bun atá riachtanach le húsáid a bhaint as an infreastruchtúr cumarsáide le haghaidh EURODAC. **Beidh an Coimisiún freagrach as gach tasc eile a bhaineann leis an**

<sup>3</sup> Airteagal 7(2) de Rialachán na Gníomhaireachta.

**infreastruchtúr Cumarsáide, go háirithe na tascanna a bhaineann le cur i bhfeidhm an bhuiséid, fáil agus athnuachan agus cúrsaí conartha**<sup>4</sup>. Coinneoidh an Coimisiún freagracht as na bearta slándála agus as an plean slándála le haghaidh an infreastruchtúir chumarsáide i gcomhair SIS II.

Rachaidh conradh S-TESTA le AS DIGIT in éag ag deireadh 2013. Maidir le gníomhaíochtaí reatha, d'fhéadfadh conarthaí sainiúla a bheith i bhfeidhm sa chreatlach seo go dtí Meán Fómhair 2014, ach le líon teoranta iarratas ar athrú<sup>5</sup>. Ba cheart go mbeadh creatchonradh nua ar fáil i 2013. Ní mór foirmiúlachtaí conartha faoin gcreatchonradh nua agus ascnamh SIS II, VIS agus Eurodac chuig an líonra nua a chur i gcrích faoi Mheán Fómhair 2014 ar a dhéanaí. Faoi dheireadh 2012, tosóidh an Ghníomhaireacht ar ghníomhaíochtaí a phleanáil le hullmhú le haghaidh ascnamh líonra agus lena chur i bhfeidhm ina réimsí sainiúla inniúlachta (maoirseacht, slándáil agus bainistiú caidreamh idir na Ballstáit agus soláthraí an líonra nua i gcomhair VIS, SIS II agus EURODAC). Mar atá luaite thuas, fanfaidh an Coimisiún freagrach as cúrsaí buiséid agus conartha a bhaineann leis an líonra.

GNÍOMH	TRÉIMHSE AMA TÁSCACH
Meabhrán Tuisceana idir an Ghníomhaireacht agus an Coimisiún chun comhchuibheas a chinntiú idir fheidhmiú a n-inniúlachtaí faoi seach, maidir le tascanna a bhaineann leis an Infreastruchtúr Cumarsáide. Cumhdófar socruithe oibre oibriúcháin maidir le roinnt saincheisteanna éagsúla eile sa Mheabhrán Tuisceana sin chomh maith	TABHAIR CHUN CRÍCHE FAOI SHAMHAIN 2012
Na nósanna imeachta teicniúla a chur ar bun atá riachtanach le húsáid a bhaint as an infreastruchtúr cumarsáide le haghaidh EURODAC	TABHAIR CHUN CRÍCHE FAOI DHEIREADH 2012

### 4.3 Glacadh na mbeart slándála agus cosanta sonraí

Tabharfaidh an Ghníomhaireacht faoi na tascanna seo a leanas le haghaidh SIS II, VIS agus EURODAC i 2012

- Glacadh na mbeart riachtanach chun slándáil na gcóras lárnach a chinntiú, mar aon le slándáil an infreastruchtúir chumarsáide agus slándáil sonraí, lena n-áirítear plean slándála ina dtabharfar aird ar mholtaí féideartha na nGrúpaí Comhairleacha, le heisceacht bearta slándála agus plean slándála an infreastruchtúir chumarsáide i gcomhair SIS II a bheidh fós faoi fhreagracht an Choimisiúin. Mar sin féin, ba cheart don Ghníomhaireacht bearta slándála a ghlacadh maidir le faisnéis fhorlíontach a mhalartú trí infreastruchtúr cumarsáide SIS II.

<sup>4</sup> Airteagal 26 (2) agus (3) den Rialachán VIS, Airteagal 15 (2) agus (3) de Chinneadh agus Rialachán SIS II agus Airteagal 5(b) de Rialachán na Gníomhaireachta

<sup>5</sup> Rachaidh Creatchonradh sTESTA in éag an 28.9.2013 agus féadfaidh na conarthaí sainiúla deiridh seirbhísí a chumhdach go dtí 28.9.2014, ach le líon teoranta iarratas ar athrú ceadaithe/féideartha le linn na bliana deiridh.

- Riachtanais rúndachta a chur ar bun maidir leis an bhfoireann a mbeidh orthu oibriú leis na sonraí in SIS II agus VIS, d'fhonn cloí le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, Airteagal 17 de Chinneadh 2007/533/CGB agus Airteagal 26(9) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 faoi seach) agus, d'fhonn rialacha iomchuí maidir le rúndacht ghairmiúil nó dualgais rúndachta coibhéiseacha eile a chur i bhfeidhm i leith fhoireann na Gníomhaireachta a mbeidh orthu oibriú le sonraí EURODAC.
- Deimhin a dhéanamh de go ndéanfar gach rochtain agus gach malartú ar shonraí pearsanta a thaifeadadh ar leibhéal lárnach agus go gcosnófar taifid trí bhearta iomchuí.
- Aon tascanna slándála breise arna sannadh don Ghníomhaireacht faoi na hionstraimí dlí do an córais a fheidhmíonn sí.
- Maidir leis na bearta cosanta sonraí le haghaidh EURODAC, beidh an Ghníomhaireacht freagrach as a chur in iúl don Bhallstát tionscnaimh má aithnítear sonraí sa chóras atá míchruinn go fíorasach agus as sonraí arna dtaifeadadh sa chóras a aistriú nó a chur ar fáil d'údarais tríú tíortha, i gcásanna ina bhfuil údarú sainiúil ag an nGníomhaireacht chun a leithéid a dhéanamh.

Gníomh	Tréimhse ama táscach
<b>Bearta slándála ginearálta</b>	
1. Bearta Slándála, lena n-áirítear Plean Slándála don Ghníomhaireacht lena gcumhdaítear cúrsaí amhail rochtain ar láithreáin, slándáil phearsanta.	• Faomhadh deiridh an Bhoird Bhainistíochta: R4 2012
2. Leanúnachas gnó agus Plean Athshlánaithe ó Thubaiste don Ghníomhaireacht lena gcumhdaítear cúrsaí amhail rochtain ar láithreacha, slándáil phearsanta.	• Faomhadh deiridh an Bhoird Bhainistíochta: R4 2012
3. Rialacha um riachtanais rúndachta don fhoireann a bheidh ag obair leis na sonraí sna córais (tá an mír seo ar leithligh sna hionstraimí dlí).	Faomhadh deiridh an Bhoird Bhainistíochta: Samhain 2012
<b>Infreastruchtúr Cumarsáide</b>	
4. Bearta Slándála agus Plean Slándála i gcomhair an Infreastruchtúir Chumarsáide lena gcumhdaítear ábhair amhail leanúnachas gnó, bainistiú conraitheoirí, bainistiú eochracha criptiúcháin, srl.) le heisceacht na bearta slándála agus an plean slándála i gcomhair an infreastruchtúir chumarsáide le haghaidh SIS II a bheidh fós faoi fhreagracht an Choimisiúin	Faomhadh deiridh an Bhoird Bhainistíochta: Samhain 2012
<b>SIS II</b>	
5. Bearta Slándála agus plean slándála i gcomhair SIS II lena gcumhdaítear ábhair amhail eagrú slándála, bearta teicniúla, leanúnachas gnó, rialú rochtana, comhar le MECS agus gníomh leantach i leith iniúchtaí MECS.	Faomhadh deiridh an Bhoird Bhainistíochta: Samhain 2012

6. Bearta slándála a ghlacadh maidir le faisnéis fhorlíontach a mhalartú trí infreastruchtúr cumarsáide SIS II.	Faomhadh deiridh an Bhoird Bhainistíochta: Samhain 2012
<b>VIS</b>	
7. Bearta Slándála agus plean slándála i gcomhair VIS lena gcumhdaítear ábhair amhail eagrú slándála, bearta teicniúla, leanúnachas gnó, rialú rochtana, comhar le MECS agus gníomh leantach i leith iniúchtaí MECS.	Faomhadh deiridh an Bhoird Bhainistíochta: Samhain 2012
<b>EURODAC</b>	
8. Bearta slándála agus plean slándála i gcomhair EURODAC lena sainítear na bearta slándála riachtanacha chun slándáil an chórais lárnaigh, an infreastruchtúir chumarsáide agus na sonraí a chinntiú. Cumhdófar leo sin ábhair amhail comhar le MECS agus gníomh leantach ar iniúchtaí MECS freisin.	Faomhadh deiridh an Bhoird Bhainistíochta: Samhain 2012

#### 4.5 Monatóireacht, tuairisciú agus staitisticí agus Cumarsáid

Tá tascanna sainiúla na Gníomhaireachta sna réimsí sin sainithe sna boinn dlí do na córais TF faoi seach agus sa Rialachán bunaitheach. I gcoitinne, beidh an Ghníomhaireacht freagracht as nósanna imeachta a chur ar bun agus a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na gcóras faoina bainistíocht, tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún faoi fheidhmiú teicniúil agus faoi ghnéithe slándála na gcóras, faisnéis a sholáthar a bheidh ag teastáil ón gCoimisiún chun meastóireacht rialta a dhéanamh ar VIS agus EURODAC, comhthiomsú staitisticí faoi úsáid na gcóras, faisnéis a fhoilsiú faoi údarais náisiúnta a bhfuil sé de cheart acu sonraí sna córais seo a rochtain nó a úsáid, agus cumarsáid, go háirithe láithreán Gréasáin a chur ar bun don Ghníomhaireacht, ullmhúcháin d'fheachtais SIS II atá sceidealta don chéad ráithe i 2013 agus cumarsáid ar a stuaim féin sna réimsí atá faoi chuimsiú a cuid tascanna.

Tuairtar na gníomhartha seo a leanas do 2012:

<b>Gníomh</b>	<b>Tréimhse ama táscach</b>
<b>Monatóireacht</b>	
1. Nósanna imeachta a chur ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú VIS agus EURODAC	R4 2012
2. Ullmhúcháin leanúnacha do na nósanna imeachta monatóireachta le haghaidh SIS II	Leanúnach
<b>Tuairisciú</b>	
3. Tuarascáil Gníomhaíochta Bhliantúil don Ghníomhaireacht do 2011 a ghlacadh agus a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na Cúirte Iniúchóirí.	15 Meitheamh 2012

4. An tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí Láraonad EURODAC a ghlacadh	D'fhéadfadh go gcoimeádfadh an Coimisiún freagracht as seo i dtosach.
<b>Faisnéis don Choimisiún, do MECS na Parlaiminte agus do na Ballstáit</b>	
5. An fhaisnéis a sholáthar don Choimisiún atá riachtanach chun measúnú rialta a dhéanamh ar VIS agus EURODAC	De réir mar atá riachtanach
6. Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi na bearta arna nglacadh chun slándáil úsáid sonraí in VIS a chinntiú. I mí na Bealtaine 2010, ghlac an Coimisiún le Cinneadh faoi Phlean Slándála i gcomhair VIS, lena gcuirtear i bhfeidhm forálacha slándála ionstraimí bunúsacha VIS. <sup>6</sup>	A luaithe agus atá pleananna slándála na Gníomhaireachta féin ar fáil
<b>Staitisticí</b>	
7. Obair ghlactha, a thosaigh an Coimisiún, lena chinntiú go bhfuil Ballstáit tar éis meicníochtaí bailithe staitisticí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rialacha comhairimh coiteanna, le go mbeadh siad in ann oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh ón gcéad lá d'oibríochtaí SIS II.	Spriocdháta deiridh do chomhlánú na hoibre seo: Márta 2013
8. A chinntiú go gcuirtear meicníochtaí agus próisis i bhfeidhm le cur ar chumas na Gníomhaireachta tascanna staitisticí i gcomhair VIS a ghlacadh chuici féin faoi thús na bliana 2013. Níl aon tascanna staitistiúla léirithe i dtéacs na Gníomhaireachta i gcomhair VIS.	Deireadh 2012
9. Comhthiomsú staitisticí ráithiúla, comhthiomsuithe staitisticí bliantúla ar obair Láraonad EURODAC agus aon staitisticí eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil faoi EURODAC	Amhail ó dheireadh 2012
<b>Foilsíú</b>	
10. Foilsíú nuashonruithe ar na liostaí údarás náisiúnta, lena n-áirítear an ceart a bheith ag údaráis sonraí a rochtain, a iontráil, a leasú, a chuardach nó a scríosadh in VIS agus EURODAC, de réir na mbonn dlí a rialaíonn na córais sin.	De réir mar atá riachtanach
<b>Cumarsáid</b>	
11. Rannchuidiú leis an bpleanáil agus na hullmhúcháin i leith fheachtas faisnéise SIS II a eagrófar nuair a thosóidh oibríochtaí SIS II (Márta 2013)	Deireadh Fómhair 2012
12. Láithreán gréasáin na Gníomhaireachta a bhunú faoi dheireadh 2012	Deireadh 2012
13. Foilsíú an Chláir Oibre Bhliantúil agus na tuarascála gníomhaíochta bliantúil do 2011	30 Meán Fómhair 2012

<sup>6</sup> Tháinig an Cinneadh sin i bhfeidhm nuair a chuaigh VIS beo agus beidh sé i bhfeidhm go dtí go nglacfaidh an Gníomhaireacht, a mbeidh a cuid pleananna slándála féin aici, a cuid freagrachtaí ar 1 Nollaig 2012.

#### **4.6 Eagrú na hoiliúna ar an gcóras TF**

Beidh an Gníomhaireacht freagrach as oiliúint a sholáthar d'údaráis náisiúnta, mar atá leagtha síos sa Rialachán bunaitheach agus sna boinn dlí shainiúla do na córais TF faoina bainistíocht. Go háirithe, beidh an Gníomhaireacht freagrach as tascanna a bhaineann le hoiliúint theicniúil maidir le VIS agus EURODAC<sup>7</sup>. I 2012, beidh an Gníomhaireacht i gcéim ullmhúcháin i ndáil leis na gníomhaíochtaí seo agus tosóidh an oiliúint iarbhír amhail ó 2013.

Tosaíocht amháin ar ghá aghaidh a thabhairt uirthi i 2012 agus i dtús 2013 ná ról na Gníomhaireachta a bhunú i réimse na hoiliúna le haghaidh oibreoirí SIRENE (róil na Gníomhaireachta, CEPOL agus na mBallstát faoi seach sa réimse sin a shoiléiriú). Leis sin, déanfar an bealach a réiteach chun meabhrán tuisceana a shíniú le CEPOL chomh maith le comhaontú ar chuimsiú na hoiliúna SIRENE agus SIS II ábhartha i gcuraclaim oiliúna CEPOL le haghaidh údarás forfheidhmithe dlí. Ba cheart go gcumhdófar comhroinnt freagrachta idir na gníomhaireachtaí sa mheabhrán chomh maith.

Tosaíocht eile a bheidh i gceist ná ról na Gníomhaireachta a bhunú maidir le hoiliúint a sholáthar do chomhaltaí foirne meastóireachta Schengen agus príomh-shaineolaithe (róil na Gníomhaireachta, CEPOL agus FRONTEX faoi seach a shoiléiriú).<sup>8</sup> Tosaíocht eile fós don Gníomhaireacht, maidir le VIS agus EURODAC, ná comhordú a dhéanamh ar fhorbairt churaclam le húdaráis náisiúnta agus plean soláthair oiliúna a chur ar bun i gcomhar leis na húdaráis sin.

Féach freisin pointe 4.7 anseo thíos.

#### **4.7 Comhar le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus tionscadail eile i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais**

##### **• Gníomhaireachtaí**

De réir an Rialacháin bhunaithigh, féadfaidh EUROPOL agus EUROJUST freastal ar chruinnithe Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta nuair atá ceist a bhaineann le SIS II maidir le forfheidhmiú Chinneadh 2007/533/CGB ar an gclár oibre. Féadfaidh EUROPOL freastal ar chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta mar bhreathnóirí nuair atá ceist a bhaineann le VIS maidir le forfheidhmiú Chinneadh 2008/633/CGB ar an gclár oibre.

Glacfaidh an Gníomhaireacht na céimeanna tosaigh le haghaidh comhair le Gníomhaireachtaí, ní hamháin le EUROPOL agus EUROJUST, ach le ENISA, FRONTEX, CEPOL agus FRA chomh maith. Glacfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta páirt i gcruinnithe bliantúla cheannairí Gníomhaireachtaí CGB agus glacfaidh ionadaí na Gníomhaireachta (ar leibhéal an oifigigh dheisce) páirt i nGrúpa Teagmhála Gníomhaireachtaí CGB, d'fhonn iniúchadh agus comhaontú a dhéanamh ar fhoirmeacha eile comhair. Tabharfar cuireadh d'ionadaithe roinnt de na Gníomhaireachtaí sin cur i láthair a dhéanamh ag cruinnithe Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta seo. Beidh comhlántacht ina

<sup>7</sup> Ó 2013 ar aghaidh, áireofar ar na tascanna sin oiliúint ar úsáid theicniúil SIS II, go háirithe i gcomhair fhoirne SIRENE (SIRENE- Supplementary Information Request at the National Entries) agus oiliúint a chur ar shaineolaithe maidir le gnéithe teicniúla SIS II i gcreatlach mheastóireacht Schengen.

<sup>8</sup> Beidh sé mar phríomhchuspóir na bpléití sin iniúchadh a dhéanamh ar na róil arna sannadh do gach gníomhaireacht don chuspóir sainiúil sin ina mboinn dlí faoi seach agus comhlántacht a bhaint amach trína chinntiú go dtairgeann gach Gníomhaireacht punann éagsúil gníomhaíochtaí oiliúna, a chlúdaíonn gach gné de phróiseas Meastóireachta Schengen nuair a chuirtear le chéile iad



príomhchuspóir le haghaidh caidrimh áirithe na Gníomhaireachta. Baineann sé sin go háirithe le comhar le EUROPOL agus le comhar i réimse na hoiliúna idir CEPOL, FRONTEX agus an Gníomhaireacht.

- **Samhail Malartaithe Faisnéise Eorpach**

Déantar an fhoráil seo a leanas sa Rialachán bunaitheach "*ba cheart don Gníomhaireacht caighdeáin Eorpacha agus caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus na ceanglais ghairmiúla is airde á gcur san áireamh aici, go háirithe Straitéis an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Faisnéise*" (Aithris 22). Soláthraíonn Straitéis an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Faisnéise<sup>9</sup> (IMS) modheolaíocht lena chinntiú go gcuirfear cinntí arna nglacadh ar leibhéal AE faoin ngá le sonraí a bhainistiú agus a mhalartú agus cinntí faoi bhealaí lena leithéid a dhéanamh san áireamh ar bhealach soiléir, gairmiúil, éifeachtúil agus cost-éifeachtach, a bheidh cuntasach agus intuigthe do na saoránaigh agus d'úsáideoirí gairmiúla. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an Coimisiún Cumarsáid ar an tSamhail Malartaithe Faisnéise Eorpach (EIXM) i láthair i mí na Nollag 2012. Agus an IMS á chur san áireamh go hiomlán, tá sé d'aidhm leis an EIXM comhchuibheas agus comhtháthú níos fearr a bhaint amach i réimse an mhalartaithe faisnéise le haghaidh comhair um fhorfheidhmiú an dlí<sup>10</sup>. Glacfaidh an Gníomhaireacht gníomh leantach i leith forbairtí leis an EIXM d'fhonn féidearthachtaí le haghaidh comhair amach anseo a shainiú chomh luath is a ndéanfar beartas an EIXM a fhaomhadh ar leibhéal polaitiúil.

#### 4.8 Grúpaí Comhairleacha

- Beidh trí chumraíocht de na grúpaí Comhairleacha ann ar dtús (SIS II, VIS agus EURODAC). Is é a bheidh sna Grúpaí sin ná ionadaithe na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe, an Choimisiúin, EUROPOL agus EUROJUST (le haghaidh SIS II) agus EUROPOL (le haghaidh Ghrúpa Comhairleach VIS).
- Is é a bheidh mar phríomhról na ngrúpaí sin ná saineolas a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta maidir le córais TF mórscaála agus, go háirithe, i gcomhthéacs ullmhú an chláir oibre bhliantúil agus na tuarascála gníomhaíochta bliantúil. Soláthróidh siad moltaí freisin maidir le bearta slándála agus tuairim faoi chláir oibre ilbhliantúla agus d'fhéadfá iarraidh ar chomhaltaí na ngrúpaí sin cabhrú le comhaltaí an Bhoird Bhainistíochta<sup>11</sup>. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin nó ionadaí dá chuid/cuid i dteideal freastal ar chruinnithe uile na ngrúpaí sin mar bhreathnóirí.
- Soláthraíonn Grúpa Comhairleach EURODAC comhairle don Bhord Bainistíochta freisin ar ghnéithe teicniúla de bhaint fisiciúil EURODAC.

---

<sup>9</sup> Ghlac Comhairle CGB an IMS an 30.11.2009 (féach doic. 16637/09 JAI 873).

<sup>10</sup> Is é a bhí i gceist sa chéad chéim de EIXM ar tugadh fúithi i 2010/11 ná cleachtadh mapála ar na ceithre réimsí seo a leanas - reachtaíocht, cumarsáid, sruthanna faisnéise agus teicneolaíocht.

<sup>11</sup> D'fhéadfadh saineolas ar theicneolaíocht faisnéise a sholáthar do Bhord Bainistíochta na gcóras, sonraíochtaí teicniúla de chineál sonracha a ullmhú nach bhforchuireann forálacha normatacha ar na Ballstáit ná ar an gCoimisiún, ionchur a sholáthar maidir leis na dréacht-tuarascálacha ar fheidhmiú teicniúil na gcóras, ar oiliúint saineolaithe, ar threo na monatóireachta ar thaighde, ar staitisticí faoi na córais agus ar aon ábhar eile a bhaineann go díreach le forbairt bhainistíochta oibriúcháin na gcóras a bheith i measc tascanna eile na nGrúpaí Comhairleacha. Socróidh gach grúpa na tosaíochtaí sainiúla. Go háirithe, cuirfear tosaíochtaí oibriúcháin don chóras ábhartha san áireamh ina gcuid oibre.

- Bhí cruinnithe tionscnaimh na nGrúpaí Comhairleacha sna trí chumraíocht uile (SIS II, VIS agus EURODAC) ar siúl i gcaitheamh na seachtaine 5-8 Meitheamh 2012 i dTailinn. Tá a thuilleadh cruinnithe le reáchtáil gach 1-2 mhí, ag brath ar na tosaíochtaí ar an gclár.

#### 4.9 Rúnaíocht an Bhoird Bhainistíochta

Beidh an Coimisiún freagrach as cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta a ullmhú mar fheidhm airíoch go dtí go mbeidh an Ghníomhaireacht i mbun feidhme agus déileálfaidh an conraitheoir seachtach le foirmiúlachtaí lóistíochúla. Is mar seo a bheidh i gcás cruinnithe an Bhoird go dtí go mbeidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus tacaíocht rúnaíochta na Gníomhaireachta i bhfeidhm (sceidealaithe go sealadach do Mheán Fómhair 2012).

Ó thráth an ama sin ar aghaidh, tabharfaidh an Coimisiún freagracht as cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta a eagrú diaidh ar ndiaidh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, cé go gcoimeádfaidh sé freagracht airgeadais go dtí go mbeidh an Ghníomhaireacht go hiomlán neamhspleách ar bhonn airgeadais. Meastar go dtarlóidh sé sin i 2013.

GNÍOMH	TRÉIMHSE AMA
Cruinniú tionscnaimh an Bhoird Bhainistíochta (BB):	22-23 Márta 2012
2ú Cruinniú BB	28 Meitheamh 2012
3ú Cruinniú BB	29-30 Samhain

#### 4.10 Tascanna Oibríochtúla eile

*Tosófar ar thascanna eile dá dtagraítear sa Rialachán lena mbunaítear an Ghníomhaireacht, go háirithe monatóireacht a dhéanamh ar thaighde, cur i bhfeidhm scéimeanna píolótacha agus forbairt agus bainistiú oibríochtúil na gcóras TF nua eile, sna blianta amach romhainn.*

## 5. Ag forbairt na foirne

Tá méid réamh-mheasta na Gníomhaireachta i gcomhréir leis an ról ríthábhachtach a bheidh aici i mbainistiú na gcóras TF mórsála atá riachtanach chun cuspóirí beartais tábhachtacha agus infheicthe a bhaint amach i réimse na saoire, na slándála agus an cheartais.

I 2012 tosóidh an Gníomhaireacht ar earcú na foirne agus déanfar na socruithe eagraíochtúla atá riachtanach. Sonraíonn Plean Bunaíochta na Gníomhaireachta gur féidir 75 Gníomhaire Sealadach a earcú i 2012.

### 5.1. Straitéis earcaíochta na Gníomhaireachta i 2012

Cuireann an straitéis earcaíochta le haghaidh 2012 an plean bunaíochta do 2012 san áireamh. Táthar tar éis na tosaíochtaí, rogha na nósanna imeachta agus socruithe a bhfuil cur síos orthu anseo thíos a shainmhíniú i ndlúthchomhairle le AS AD agus EPSO

Ní aon phoist bhuna ag an nGníomhaireacht ina plean bunaíochta. Beidh foireann na Gníomhaireachta comhdhéanta de Gníomhairí Sealadacha (fadtéarmacha agus gearrthéarmacha), Gníomhairí ar Conradh (fadtéarmacha agus gearrthéarmacha) agus Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNIanna). De réir an sceidil reatha, beidh an Gníomhaireacht i gcéim tionscanta i 2012 agus go príomha déanfar a comhaltaí foirne a earcú agus a oiliúint.

Tuarann plean bunaíochta 2012 na Gníomhaireachta earcaíocht 75 chomhalta foirne i rith na bliana sin (thart ar 62 chomhalta foirne oibríochtúil agus 13 chomhalta foirne riaracháin). An príomhthosaíocht tosaigh a bheidh ann i rith 2012 ná na haonaid oibríochtúla a bhunú a bheidh freagrach as glacadh le bainistiú oibríochtúil na gcóras amhail an 1 Nollaig 2012, mar aon le cnámh droma na n-aonad tacaíochta, .i. na seirbhísí riaracháin, bainistíocht acmhainní daonna agus an aonad airgeadais, soláthair agus conartha agus feidhmeanna comhairle dlí. Rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun a phost/post freisin déanach i 2012.

Seo a leanas na próifílí atá de dhíth ar an nGníomhaireacht:

- Stiúrthóir Feidhmiúcháin
- Oifigeach Slándála, Oifigeach Cosanta Sonraí agus Oifigeach Cuntasaíochta
- Bainistíocht (chun gníomhaíochtaí teicniúla agus riaracháin a bhainistiú)
- Foireann theicniúil (slándáil, oibreoirí na deisce cabhrach, saineolaithe TF, lucht tacaíochta agus cúnaimh TF agus foireann riaracháin a bhfuil saineolas acu sna réimsí teicniúla éagsúla a bhfuil gá leo chun na córais a oibriú agus a bhainistiú)
- Foireann riaracháin (Riarachán agus Comhordú Ginearálta; Dlí; Airgeadas, Iniúcháireacht agus Soláthar; Tacaíocht Riaracháin agus Lóistíochta).

Faoi Lúnasa 2012 comhlánaíodh nósanna imeachta i ndáil le dréachtú liostaí cúlta na gcomhaltaí foirne bainistíochta agus teicniúla, tar éis an *Glaó ar léirithe spéise*<sup>12</sup> a foilsíodh an 23 Samhain 201. Tá thart ar 30 comhalta foirne le hearcú ó na liostaí i 2012. Cinntítear earcú na foirne riaracháin trí mheán liostaí cúlta eiseacha (sheol an Oifig Eorpach um

---

<sup>12</sup> Don Lucht Bainistíochta (gráid AD 10 agus AD 12), slándáil (gráid AD 5 agus AD 7), Saineolaithe TF (gráid AD 5, AD 7 agus AD 9) agus foireann Tacaíochta agus Cúnaimh TF (gráid AST 3 agus AST 5).

Roghnú Foirne – EPSO - eolas faoin ábhar seo chuig gach laureate a bhí ar liostaí cúltaca bailí ina bhunachar sonraí agus nach raibh earcáithe mar oifigigh go fóill). Earcófar thart ar dháréag tríd an nós imeachta seo i 2012. Lena chois sin, i 2012 earcóidh an Ghníomhaireacht líon teoranta comhaltaí foirne breise a bhfuil taithí acu ar bhainistiú aonaid lárnacha na gcóras TF a bhaineann le Schengen (SIS, EURODAC, VIS), chun leanúnachas a chinntiú i bhfeidhmiú na gcóras.

Tá Oifigeach Slándála, Oifigeach Cosanta Sonraí agus Oifigeach Cuntasaíochta le ceapadh ag an mBord Bainistíochta mar fhreagra ar fhógraí foilsithe ar leith maidir le gach post.

GNÍOMH	FRÁMA AMA
Earcú an Stiúrtóra Feidhmiúcháin	Spriocdháta sealadach le haghaidh ceapacháin de chuid an Bhoird Bhainistíochta (Meán Fómhair 2012)
Earcú foirne bunaidh na Gníomhaireachta (75 duine): foireann theicniúil, foireann chun leanúnachas oibríochtaí a chinntiú & foireann riaracháin)	Fómhar 2012. Liosta cúltaca do chomhaltaí foirne bainistíochta agus teicniúla (tar éis an Glao ar léirithe spéise) le bheith ar fáil ó Lúnasa 2012
Earcú an Oifigigh Shlándála, an Oifigigh Chosanta Sonraí agus an Oifigigh Chuntasaíochta	Deireadh 2012

## 5.2. Plean an bheartais foirne ilbhliantúil le haghaidh 2013-2015

Cuireadh dréacht-phlean an bheartais foirne ilbhliantúil le haghaidh 2013-2015 faoi bhráid chéad chruinniú an Bhoird Bhainistíochta i Márta 2012 agus glacadh leis i rith an chruinnithe.

## 5.3. Oiliúint Fhoireann na Gníomhaireachta

Eagrófar na cúrsaí i 2012 le haghaidh earcaigh theicniúla agus neamhtheicniúla araon. Cuimseoidh sé seo oiliúint ionduchtúcháin don dá phróifíl, oiliúint theicniúil níos speisialaithe agus oiliúint ar leith atá saincheaptha do na riachtanais ar leith atá ar gach córas a bheidh á bhainistiú ag an nGníomhaireacht. Glacfar le céimeanna freisin chun a chinntiú go bhfaigheann próifílí foirne eile an oiliúint chuí. Baineann sé seo leis an bhfoireann airgeadais ach go háirithe.

Pleanálfar oiliúint ar leith, agus cuirfear léarscáileanna oiliúna atá le bheith dréachtaithe do gach comhalta foirne san áireamh, rud a shaineoidh go beacht an cineál oiliúna atá ag teastáil chun na scileanna atá acu cheana a fheabhsú chuig riachtanais iomlána na bhfeidhmeanna ar leith atá acu.

Tá an oiliúint d'fhoireann na Gníomhaireachta i gcreat na ngníomhaíochtaí scáthaithe agus cóitseála ar mhaithe le glacadh le bainistiú na gcóras TF cumhdaithe faoi na teidil ar leith i ndáil leis na cláir seo i bpointí 4.1 thuas.

OILIÚINT INTÍ	DÁTA
1. Oiliúint pacáiste fáilte na Gníomhaireachta don fhoireann neamh-TF (cúrsa seachtaine amháin a sholáthraíonn forbhreathnú d'earcaigh neamhtheicniúla ar na córais uile, go háirithe na heilimintí gnó agus príomheilimintí ailtireachta).	Deireadh Fómhair – Samhain 2012
2. Pacáiste Fáilte Riaracháin (cosúil leis na cúrsaí ionductúcháin a eagraítear do chomhaltaí nua d'fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh	Deireadh Fómhair-Samhain 2012
3. Oiliúint Pacáiste Fáilte TF na Gníomhaireachta <sup>13</sup>	Meán Fómhair – Samhain 2012
4. Oiliúint theicniúil mionsonraithe ar leith do shaineolaithe (saineolaithe TF) <sup>14</sup>	Deireadh Fómhair – Samhain 2012
5. Oiliúint ghnó agus oibriúcháin (saineolaithe TF) <sup>15</sup>	Deireadh Fómhair – Samhain 2012

Clúdaítear oiliúint theicniúil d'údaráis náisiúnta ar na córais TF faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta i gcuid 4.6.

<sup>13</sup> Cúrsa seachtaine amháin a sholáthraíonn oiliúint mhionsonraithe d'earcaigh theicniúla nua ar ghnéithe coitinne na gcóras uile). Beidh an oiliúint seo éigeantach do phróifílí teicniúla uile; d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt freisin do phróifílí eile a bheith páirteach i sraith laghdaithe modúl oiliúna, d'fhonn a gcuid feasachta gnó ar príomhghníomhaíochtaí na Gníomhaireacht a fhorbairt.

<sup>14</sup> Cumhdóidh sé seo ábhair amhail Oracle, Weblogic agus/nó cruu-earraí ar leith), le haird á tabhairt ar na tascanna ar leith a éileofar ar phearsana a chur i gcrích agus an leibhéal feasachta eisigh dá gcuid.

<sup>15</sup> Oiliúint ghnó agus oibriúcháin: oiliúint a bhaineann le feidhmeanna gnó agus oibriúcháin an chórais ar leith a bheidh á fheidhmiú nó á bhainistiú ag an bhfoireann (m.sh. an chaoi a bpróiseáiltear víosaí, an timpeallacht ghnó do EURODAC, conas teagmhais a réiteach...). I gcás VIS agus SIS II, soláthrófar an oiliúint seo bunaithe ar an ábhar arna sheachadadh ag an bpríomhchonraitheoir forbartha i rith pleananna Eatrainmh VIS/BMS agus SIS II (nósanna imeachta oibriúcháin a dhéanann cur síos ar chásanna oibríochtúla mórscála nó laethúla ach go háirithe).

## **6. Ábhair riaracháin, infreastruchtúr, bainistíocht airgeadais agus lóistíocht**

De bhun Airteagal 36 den Rialachán lena mbunaítear an Ghníomhaireacht, tá an Coimisiún i bhfeidhm airíoch tar éis bearta éagsúla a ghlacadh de láimh, le roinnt míonna anuas, chun na háiseanna agus nósanna imeachta riachtanacha riaracháin, airgeadais agus lóistíochta a mbeidh gá leo a chur i bhfeidhm, ionas gur féidir leis an nGníomhaireacht dul i mbun oibríochtaí. Chomh maith leis an gcomhaontú leanúnach leis an EPSO i ndáil le cúnaimh a sholáthar le cur chun feidhme nósanna imeachta roghnaithe don Ghníomhaireacht, déanfar comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse agus socrúithe oibre eile leis na seirbhísí seo a leanas de chuid an Choimisiúin foirmiúil agus a chur i bhfeidhm le linn 2012.

- OIB le haghaidh soláthar comhairle teicniúil maidir le roghnú agus uasghrádú foirgneamh chun Ceannteathrú na Gníomhaireachta a bhunú i dTaillinn agus le haghaidh soláthar spáis oifige sealadach in áitreabh an Choimisiúin Eorpaigh sa Bhruiséil d'fhoireann na Gníomhaireachta atá le hearcú sula mbeidh na háitribh sealadacha san Eastóin ar fáil.
- An tSeirbhís Idirghabhála Leighis agus Síceasóisialta um AS Acmhainní Daonna agus Slándáil DG le haghaidh nithe foirmiúla i ndáil le scagthástáil leighis na n-iarrthóirí roghnaithe
- An Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO) i ndáil le hÍoc luach saothair agus costas le foireann gníomhaireachta agus iarrthóirí post
- Stiúrtóireacht Slándála um AS Acmhainní Daonna agus Slándála i leith géilliúlacht caighdeán slándála agus AS DIGIT i leith suiteáil an líonra s-TESTA
- An tIonad Aistriúcháin do Chomhlachtaí an AE
- AS an Bhuiséid i ndáil le suiteáil ABAC
- OLAF: tá aontachas an chomhaontaithe idirghníomhaireachta maidir le himscrúduithe ag OLAF, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán na Gníomhaireachta (cinneadh maidir leis na téarmaí agus coinníollacha le haghaidh imscrúduithe inmheánacha i ndáil le calaais, caimiléireacht agus aon ghníomhaíocht mhídhleathach a dhéanadh dochar do leas na gComhphobal a chosc, le bheith glactha ag an mBord Bainistíochta i Meitheamh 2012).

Le linn na céime bunaidh d'oibríochtaí na Gníomhaireachta, sula mbronntar neamhspleáchas airgeadais uirthi, cuirfidh an Coimisiún bailchríoch ar roinnt conarthaí, lena n-áirítear na conarthaí MWO le haghaidh SIS II agus VIS. A luaithe agus a mbronntar neamhspleáchas airgeadais ar an nGníomhaireacht (beartaithe le haghaidh 2013), glacfaidh sí freagracht as cúrsaí airgeadais i ndáil leis na conarthaí seo.

### **6.1 Comhaontú Ceannteathrún leis an Eastóin agus comhaontuithe láithreach leis an bhFrainc agus an Ostair**

Leanfaidh obair faoin teideal seo ar aghaidh ón obair ullmhúcháin curtha i gcrích ag an gCoimisiún agus ag údaráis na hEastóine, na Fraince agus na hOstaire i 2011 agus go luath i 2012.

Tá idirbheartaíochtaí ar bun maidir leis an trí dhréacht-chomhaontú ag sainiú socrúithe maidir leis an gcóiríocht atá le soláthar don Ghníomhaireacht sna Ballstáit áochta, na háiseanna le cur ar fáil ag na Ballstáit sin, socrúithe slándála agus rialacha ar leith infheidhmithe sna Ballstáit áochta don Stiúrtóir Feidhmiúcháin, do chomhaltaí an Bhoird Bhainistíochta, d'fhoireann na Gníomhaireachta agus a mbaill teaghlaigh. I ndáil le slándáil, tá an Ghníomhaireacht freagrach as slándáil ar a cuid áitreabh. Mar sin féin, éilíonn Airteagal 30(2)

de Rialachán na Gníomhaireachta ar Bhallstáit áochta bearta imleora a ghlacadh de lámh chun ord agus slándáil a chothú i gcóngar áitreabh na Gníomhaireachta<sup>16</sup>. Léireofar na hoibleagáidí seo sna comhaontuithe Ceanncheathrún agus láithreach.

Táthar ag súil leis go leanfaidh idirbheartaíocht ar aghaidh in am d'fhaomhadh na gcomhaontuithe ag an mBord Bainistíochta agus síniú ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta leis na Ballstáit is óstach sa tríú ráithe den bhliain.

## **6.2 Foirgneamh Ceanncheathrún i dTaillinn, an Eastóin**

Mar chuid dá dtairiscint an Ghníomhaireacht a óstáil, gheall údaráis na hEastóine áitreabh oiriúnach a chur ar fáil do Cheanncheathrú na Ghníomhaireachta i dTaillinn ar bhonn saor in aisce. Sa mheántéarmach (i gceann thart ar 2-3 bliana), tá sé i gceist acu foirgneamh saincheaptha a sholáthar don Ghníomhaireacht, ar mhaithe lena Ceanncheathrú i dTaillinn a óstáil go buan. Beidh Ceanncheathrú na Gníomhaireachta á óstáil in áitreabh sealadach go dtí go mbeidh an foirgneamh buan seo críochnaithe.

Sholáthair an Eastóin an t-áitreabh sealadach faoi Mheitheamh 2012. Tá an foirgneamh a roghnaigh an Coimisiún ó na roghanna malartacha molta ag údaráis na hEastóine lonnaithe ag 4, Sráid Ravala (“Teach an AE”) i lár Thailinn, áit ina bhfuil Ionadaíocht an Choimisiúin agus Biúró Pharlaimint na hEorpa lonnaithe freisin. Ní mór leagan amach an fhoirgnimh seo a athrú, d’fhonn freastal ar riachtanais theicniúla agus slándála agus chun é a shaincheapadh do riachtanais oibríochtúla saineúla na Gníomhaireachta.

Aithneofar an t-áitreabh buan tráth níos déanaí i ndlúthchomhar leis an mBord Bainistíochta agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

## **6.3 Athchomhshó an C.SIS in Strasbourg chuig láthair theicniúil na Gníomhaireachta**

Sa chreat de chuid Conartha Shainiúil leis an gCoimisiún, tá staidéar á chur i gcrích ag conraitheoir seachtrach chun measúnú a dhéanamh ar an láthair C.SIS reatha agus bearta ar leith a mholadh chun an láthair seo a athchomhshó mar láthair theicniúil na todhchaí don Ghníomhaireacht. Beidh ar an láthair seo a bheith ina hionad sonraí nua-aimseartha ag feidhmiú na córais TF ar bheagán costas agus leis an leas optamach á bhaint as acmhainní. Tá iniúchadh á dhéanamh ar na moltaí ar leith ón staidéar seo agus táthar le dul i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta ar an ábhar seo i rith cruinniú amach anseo i 2012. An chéad chéim eile a bheidh ann ná tabhairt chun críche an chonartha le biúró um staidéar ailtireachta chun plean feidhmiúcháin a fhorbairt, d’fhonn na hoibreacha tosaíochta a bhfuil gá leo chun tús a chur le hoibriú na Gníomhaireachta faoi Nollaig 2012 ar a dhéanaí a chur chun feidhme. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as cur i bhfeidhm an phlean feidhmiúcháin seo a bhainistiú agus a mhaoirsiú. D’fhéadfadh tuilleadh oibreacha athchomhshó a bheith riachtanach le linn 2013.

---

<sup>16</sup> Ag cuimsiú freisin an soláthar um chosaint chúí agus ag rathú rochtain shaor ar áitreabh agus ar thalamh na Gníomhaireachta ag daoine údaraithe ag an nGníomhaireacht

## 6.4 Ullmhú na láithreach cúltaca in St Johann im Pongau

Sa chás go gcuireann anachain cosc ar an nGníomhaireacht na córais TF a oibriú óna háitreabh in Strasbourg (An Fhrainc), dhéanfaí na córais seo a oibriú ón láthair chúltaca (BCU) lonnaithe in Sankt Johan im Pongau (An Ostair). D'aistreofaí comhaltaí foirne ó Strasbourg ar bhonn sealadach chuig an láthair chúltaca ar feitheamh réiteach na saincheisteanna.

Beidh gá ag an nGníomhaireacht dá réir sin le hinfreastruchtúr agus tacaíocht eagraíochtúil imleor sa láthair chúltaca chun déileáil leis an oibríocht aistrithe/teipaistrithe féin in éineacht le háiseanna agus tacaíocht bhreise chun an fhoireann aistrithe ar bhonn sealadach a óstáil.

Cinntoidh na comhaltaí foirne ó láthair Strasbourg ar mhisean ar feadh tréimhsí seachtaine amháin láithreach bhuan ag an láthair BCU.

Táthar tar éis an láthair chúltaca a ullmhú cheana féin go caighdeán imleor le bheith infheidhme i gcás anachaine a chiallóidh go mbeadh gá le haistriú/teipaistriú ceann amháin nó níos mó de na córais. Mar sin féin, ní mór na háiseanna atá le húsáid i gcás anachaine a neartú, rud a chiallaíonn go mbeidh gá le foireann bhuan ar an láthair ar feadh tréimhse fada.

Táthar tar éis riachtanais shainiúla a shainmhíniú i dtéarmaí infreastruchtúir, áiseanna cumarsáide, riachtanais lóistíochta agus tacaíocht eagraíochtúil, lena n-áirítear riachtanais bhreise i gcás anachaine faidreiseach. Beidh an doiciméad seo mar chuid den chomhaontú le cur i gcrích leis an Ostair i ndáil leis an láthair chúltaca.

Ar feitheamh fhaomhadh ar chomhaontú na láithreach cúltaca, d'fhéadfaí an Conradh reatha idir an Coimisiún Eorpach agus an Ostair chun an láthair seo a bhainistiú a leasú, agus é in aigne spás breise a fháil le haghaidh EURODAC (agus riachtanais eile).

I gcaitheamh idirbheartaíochtaí leis an Ostair, beidh sé riachtanach freisin labhairt faoi cibé agus conas an gcaithfear an Conradh seirbhíse reatha don láthair chúltaca a oiriúnú do riachtanais an chomhaontaithe láithreach nó comhaontú teicniúil ar leith.

## 6.5. Bainistíocht Airgeadais

Tá roinnt príomhtháirgí insoláthartha maidir le bainistíocht airgeadais ullmhaithe ag an gCoimisiún, agus é ag feidhmiú ina ról airíoch. Baineann sé seo ach go háirithe le Buiséad 2012 agus dréacht-ráiteas na meastachán le haghaidh 2013, an Dréachtchlár Oibre Bliantúil le haghaidh 2012 agus an Dréachtchlár Oibre Bliantúil le haghaidh 2013 agus Tuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil 2011.

Tosóidh an Gníomhaireacht ar na struchtúir agus ciorcaid airgeadais riachtanacha a chur ar bun i 2012, agus earcófar foireann speisialaithe chun déileáil le nósanna imeachta airgeadais agus soláthair.

Tá sé i gceist ag an nGníomhaireacht a bheith neamhspleách ar bhonn airgeadais i 2013.

- I rith na tréimhse roimh bhronnadh neamhspleáchais airgeadais ar an nGníomhaireacht, seolfaidh an Coimisiún roinnt nósanna imeachta tairisceana thar ceann na Gníomhaireachta agus tosófar i mbun oibre ar phlean soláthair.

I rith na tréimhse seo, beidh an Gníomhaireacht tar éis freagracht a ghlacadh cheana as maoirseacht ar chúrsaí oibríochtúla maidir leis na conarthaí seo.

- A luaithe agus a mbronntar neamhspleáchas airgeadais ar an nGníomhaireacht, glacfaidh sí freagracht as cúrsaí airgeadais, ag feidhmiú ar bhonn plean soláthair agus déileálfaidh



sí le réimse leathan nósanna imeachta soláthair, lena n-áirítear nósanna imeachta i leith uasghrádú foirgneamh agus áiseanna, soláthar trealaimh agus feisteas, agus soláthar speisialaithe i ndáil leis na córais TF á mbainistiú aici.

I gcás an dá chéim seo, cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi phríomhghlaonna ar thograí agus d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do shaineolaithe na mBallstát ar bhonn cás ar chás saineolas teicniúil a sholáthar do shainmhíniú na doiciméad agus nósanna imeachta tairisceana.

## 6.6 Socruithe eile

Déanfar na socruithe lóistíochta riachtanacha eile ar fad chun a chinntiú go dtosóidh an Ghníomhaireacht ag seachadadh a cuid seirbhísí ón Eastóin i rith an tsamhraidh 2012.

*Déantar cur síos ar ghníomhaíochtaí cumarsáide i bpointe 4.5.*

Gníomh	Tréimhse Ama Tásach
An Comhaontú Ceancheathrún leis an Eastóin a thabhairt chun críche agus a shíniú	3 <sup>ú</sup> ráithe 2012
Comhaontú na láithreach teicniúil leis an bhFrainc a thabhairt chun críche agus a shíniú	Deireadh mhí na Samhna 2012
Comhaontú leis an Ostair ar an láthair chúltaca a thabhairt chun críche agus a shíniú	3 <sup>ú</sup> ráithe 2012
Tabhairt chun críche meabhráin tuisceana agus/nó comhaontuithe le seirbhísí riachtanacha an Choimisiúin um thacú le/soláthar feidhmeanna riaracháin bhunúsacha (foirgnimh, slándáil, íocaíocht na foirne, scagthástáil leighis na n-iarrthóirí)	3 <sup>ú</sup> ráithe 2012
Áitreabh sealadach le cur ar fáil ag an Eastóin	2 <sup>ú</sup> seimeastar 2012
An t-áitreabh eatraimh i dTaillinn a fheistiú	2 <sup>ú</sup> seimeastar 2012
Na bearta teicniúla agus slándála atá riachtanach sna láithreacha a chur cun feidhme	Nollaig 2012